



BORD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA
CHILL DARA AGUS CHILL MHANTÁIN

KILDARE AND WICKLOW
EDUCATION AND TRAINING BOARD

Ráiteas Straitéise

2025-2029





Clár an Ábhair

Fáilte ón gCathaoirleach.....	5
Réamhrá leis an bPríomhfheidhmeannach.....	7
Sracfhéachaint ar BOOCDM.....	8
Achoimre Fheidhmeach	9
Misean, Fís agus Luachanna.....	10
Comhthéacs Straitéiseach.....	14
Tosaíochtaí Straitéiseacha	20
Tosaíocht Straitéiseach 1: Teagasc, Foghlaim agus Foghlaimoirí.....	22
Tosaíocht Straitéiseach 2: Tacaíocht agus Forbairt d'Acmhainní Daonna	26
Tosaíocht Straitéiseach 3: Barr Feabhais Oibriúcháin.....	28
Tosaíocht Straitéiseach 4: Comhshaol agus Inbhuanaitheacht.....	32
An Bealach a nOibrímid.....	35
Forléargas ar Sheirbhísí BOOCDM.....	38
Feidhmiú agus Monatóireacht	40
Aguisíní.....	43
Aguisín 1 – Forbairt Straitéiseach agus Comhairliúcháin le Páirtithe Leasmhara	43
Aguisín 2 – Comhaltaí Bhord BOO	49
Aguisín 3 – Ár Scoileanna agus ár nIonaid Bhreisoideachais agus Oiliúna.....	52
Aguisín 4 – Giorrúcháin	53
Aguisín 5 – Foinsí agus Cáipéisí Reachtaíochta.....	54

Fáilte ón gCathaoirleach

Tá lúcháir orm Ráiteas Straitéise Bhord Oideachais agus Oiliúna Chill Dara agus Chill Mhantáin (BOOCDM) don tréimhse 2025 go 2029 a chur i láthair. Ghlac an Bord leis an Ráiteas Straitéise cúig bliana seo go foirmiúil ina chruinniú ar an 25 Márta 2025. Is cáipéis chuimsitheach agus réamhbhreathnaitheach é ina dtugtar breac-chuntas ar an bhfís agus ar na pleananna don BOO sna cúig bliana atá amach romhainn.

Sa Straitéis seo forbraítear an creat straitéiseach a bhí ag an BOO roimhe seo agus tugtar isteach na léargais luachmhara a fuarthas trí chomhairliúchán forleathan le príomhpháirtithe leasmhara agus gníomhaireachtaí a bhfuil baint acu le hobair BOOCDM.

Feidhmíonn an Ráiteas Straitéise mar threochlár straitéiseach le haghaidh fhorbairt leanúnach ár n-eagraíochta agus lenár seirbhísí a fheabhsú chun freastal ar riachtanais oideachais agus oiliúna ár ndaltaí, ár bhfoghlaimoirí, na sochaí agus an gheilleagair i gcoitinne de réir mar a thagann siad chun cinn.

Thar ceann an Bhoird, ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil le foireann an BOO, lenár ndaltaí, foghlaimoirí agus tuismitheoirí, agus leis na páirtithe leasmhara bunriachtanacha eile go léir as a n-ionchur sa Ráiteas Straitéise seo. Guím gach rath ar ár bhfoireann agus ar ár bpáirtithe leasmhara go léir agus muid ag leanúint dár gcuid oibre le chéile chun muintir ár réigiúin a chumasú agus lena saol a shaibhriú trí oideachas agus oiliúint.

An Clr Paul O' Brien
Cathaoirleach



Réamhrá leis an bPríomhfheidhmeannach

Sa Straitéis seo tugtar achoimre ar ár bhfís chun freastal ar riachtanais oideachais agus oiliúna phobail Chill Dara agus Chill Mhantáin sna cúig bliana atá amach romhainn. Forbraíodh an straitéis trí chomhairliúchán forleathan agus dírtear inti ar na deiseanna agus na dúshláin atá amach romhainn, bíodh siad sóisialta, geilleagrach nó cultúrtha. Is é ár bpríomhchúram ná eispéireas ardchaighdeáin, gairmiúil agus freagrúil oideachais agus oiliúna a sholáthar do gach foghlaimoir.

Tá an Straitéis bunaithe ar ár gceithre chrann taca: Teagasc, Foghlaim agus Foghlaimoirí; Tacaíocht agus Forbairt d'Acmhainní Daonna; Barr Feabhais Oibriúcháin; agus Comhshaol agus Inbhuanaitheacht. Tá na crainn taca seo mar threoir ag ár spriocanna agus ár gcuspóirí i scoileanna, Breisoideachas agus Oiliúint, Seirbhísí Óige agus Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta, chun na caighdeáin is airde a chinntiú i soláthar seirbhísí.

Bhí ionchur ó bhaill foirne, tuismitheoirí, foghlaimoirí, ceannairí, Bord an BOO agus comhpháirtithe rithábhachtacha mar threoir ag an Straitéis seo ina n-ailínítear riachtanais pobal áitiúil le tosaíochtaí náisiúnta arna leagan síos ag an Rialtas, an Roinn Oideachais, an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta agus SOLAS. Teastaíonn úinéireacht roinnte ar ár bhfís ar fud na heagraíochta chun na spriocanna agus na cuspóirí seo a bhaint amach.

D'éirigh leis an Straitéis a bhí againn roimhe seo agus táimid ag cur leis seo agus muid tiomanta go fóill do bharr feabhais, do nuálaíocht agus d'fheabhas leanúnach sa teagasc agus san fhoghlaim. Agus muid á dtreorú ag ár gcuid bunluachanna, leanfaimid orainn mar cheannródaithe san oideachas agus san oiliúint agus muid ag freastal go dúthrachtach ar ár gcuid pobal sna cúig bliana atá amach romhainn.

An Dr Deirdre Keyes

Príomhfheidhmeannach, Márta 2025



Sracfhéachaint ar BOOCDM



Achoimre Fheidhmeach

Cuireadh Bord Oideachais agus Oiliúna Chill Dara agus Chill Mhantáin (BOOCDM) ar bun in 2013 faoi Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna. Tá sé mar phríomhfheidhm reachtúil ag an mBord Oideachais agus Oiliúna ráiteas straitéise cúig bliana a fhorbairt ina n-achoimrítear cuspóirí, tosaíochtaí agus feidhmiú i gcomhairle le páirtithe leasmhara agus i gcomhréir le beartas rialtais agus leis na hacmhainní atá ar fáil.

I mí Eanáir 2024, chuir BOOCDM tús lena straitéis nua a fhorbairt chun cur leis an méid a bhí bainte amach againn cheana féin san oideachas, san oiliúint, san obair don aos óg agus i seirbhísí tacaíochta. Le linn seisiún machnaimh le ceannairí sinsearach ag an tús, sainithníodh go raibh gá le cur chuige níos straitéisí agus níos réamhbhreathnaithí, le tuilleadh comhoibrithe agus le cumarsáid fheabhsaithe. I measc na bpríomhthosaíochtaí bhí teagasc agus foghlaim ardchaighdeán, seirbhís mhaith, barr feabhais oibriúcháin, comhionannas, éagsúlacht, ionchuimsiú, inbhuanaitheacht agus comhoibriú níos láidre a chothú ar fud na heagraíochta.

Cuireadh Foireann Forbartha Straitéise le chéile i mí an Mhárta 2024 agus baineadh leas as saineolas inmheánach lena chinntiú go léireofaí luachanna agus fíis fhadtéarmach BOOCDM sa straitéis. Cuireadh tús le rannpháirteachas le páirtithe leasmhara i mí na Bealtaine 2024 agus bhí baint ag baill foirne, foghlaimeoirí, tuismitheoirí, ionadaithe tionscail, grúpaí pobail agus comhaltaí Bhord BOOCDM leis seo. San aiseolas a fuarthas cuireadh an-bhéim ar an tábhacht a bhaineann le luachanna eagraíochta, go háirithe le meas, ionchuimsiú, cumarsáid agus comhoibriú tras-eagraíochta. Ba léir go rabhtas ag súil go mbeadh na luachanna agus na réimsí tosaíochta seo fite fuaite sna spriocanna agus cuspóirí straitéiseacha chun ról BOOCDM mar cheannródaí san oideachas agus san oiliúint a threisiú.

Le linn seimineár do cheannairí sinsearach i mí Dheireadh Fómhair 2024, rinneadh anailís ar léargais chomhairliúcháin agus mionchoigeartaíodh crainn taca agus tosaíochtaí na straitéise.

Leanadh den rannpháirtíocht le Bord nua BOOCDM i mí na Samhna 2024 agus le Grúpa Oibre BOOCDM um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú (CÉI). I mí Eanáir 2025, cuireadh an chéad dréacht de na crainn taca, na spriocanna agus na cuspóirí i gcrích agus cinntíodh go raibh siad ag teacht le haiseolas ó pháirtithe leasmhara agus le hardaidhmeanna na heagraíochta. Cuireadh an dlaoi mhullaigh ar chrainn taca na dtosaíochtaí straitéiseacha agus comhaontaíodh iad mar seo: Teagasc, Foghlaim agus Foghlaimeoirí; Tacaíocht agus Forbairt d'Acmhainní Daonna; Barr Feabhais Oibriúcháin; agus Comhshaol agus Inbhuanaitheacht. Tar éis na gcomhairliúcháin deiridh, tugadh an Ráiteas Straitéise, agus na spriocanna agus na cuspóirí a bhaineann leis, chun críche i mí an Mhárta 2025 agus d'fhaomh an Bord é ar an 27 Márta 2025 tar éis dó a bheith curtha ina láthair.

Sa Straitéis seo, leagtar síos treoir shoiléir do na cúig bliana atá amach romhainn, le tionchar na heagraíochta ar fhoghlaimeoirí, ar bhaill foirne agus ar an bpobal i gcoitinne a neartú agus lenár misean a threisiú chun deiseanna ardchaighdeán oideachais agus oiliúna a sholáthar de réir ár gcuid freagrachtaí reachtúla agus beartas rialtais.

Ráiteas Misin

Seirbhísí ardchaighdeáin agus nuálacha oideachais, oiliúna, óige agus tacaíochta a chur ar fáil atá inrochtana, a fhreagraíonn do riachtanais foghlaimoirí, an phobail agus na sochaí de réir mar a thagann siad chun cinn, agus a chuireann barr feabhais, comhionannas agus ionchuimsiú sóisialta chun cinn.

Ráiteas Físe

Seirbhísí oideachais, oiliúna, óige agus tacaíochta a sholáthar atá ar ardchaighdeán, ionchuimsitheach agus nuálach. Barr feabhais a chur chun cinn i ngach rud a dhéanaimid agus ceannaireacht a léiriú ar leibhéal an phobail agus ar leibhéal náisiúnta araon.

Misean, Fís agus Luachanna

Le linn chéim an chomhairliúcháin, chuir ár bpáirtithe leasmhara béim ar an tábhacht atá le leanúnachas idir an seanráiteas straitéise agus an ceann nua. Chuige sin, tá Bord Oideachais agus Oiliúna Chill Dara agus Chill Mhantáin ag athdhearbhú a thiomantais do sheirbhísí ardchaighdeáin agus nuálacha oideachais, oiliúna, óige agus tacaíochta a chur ar fáil atá inrochtana, a fhreagraíonn do riachtanais foghlaimoirí, an phobail agus na sochaí de réir mar a thagann siad chun cinn, agus a chuireann barr feabhais, comhionannas agus ionchuimsiú sóisialta chun cinn.

Tá BOOCDM tiomanta do sheirbhísí oideachais, oiliúna, oibre óige agus tacaíochta a sholáthar a fhreastalaíonn ar riachtanais páirtithe leasmhara i gcomhréir le riachtanais ár bpobail, Clár an Rialtais agus spriocanna náisiúnta.

Is é an fhís atá againn ná seirbhísí oideachais, oiliúna, óige agus tacaíochta a sholáthar atá ar ardchaighdeán, ionchuimsitheach agus nuálach, barr feabhais a chur chun cinn i ngach rud a dhéanaimid agus ceannaireacht a léiriú ar leibhéal an phobail agus ar leibhéal náisiúnta araon. Mar BOO, tá sé mar aidhm againn barr feabhais a bhaint amach i ngach rud a dhéanaimid inár seirbhísí oideachais ar fad. Cuirfimid seirbhísí, cláir thacaíochta agus deiseanna oiliúna atá ar ardchaighdeán, ionchuimsitheach agus nuálach ar fáil don aos óg. Beidh BOOCDM ina cheannródáí san oideachas agus san oiliúint ar leibhéal an phobail agus ar leibhéal náisiúnta araon.




Misean, Fís agus Luachanna

Ár Luachanna

Rinneadh athbhreithniú ar luachanna Bhord Oideachais agus Oiliúna Chill Dara agus Chill Mhantáin le linn an phróisis comhairliúcháin agus rinne Grúpa Oibre BOOCDM um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú (CÉI) mionchoigeartú orthu. Dearbhaíodh ár Luachanna mar Bharr Feabhais, Meas, Comhionannas, Ionchuimsiú, Muintearas agus Ionracas agus tá siad seo i gcomhréir le luachanna Dhualgas na hEarnála Poiblí. Beidh sé mar thosaíocht straitéiseach ag ár BOO na luachanna seo a chur chun cinn go gníomhach agus a fhiísteach inár nósanna oibre agus inár bpróisis chinnteoireachta ó lá go lá.

Foghlaimoirlárnach



Ionchuimsiú

Cuirimid deiseanna cothromasacha ar fáil d’fhoghlaimoirí agus do bhaill foirne le daoine inár scoileanna agus ár n-ionaid a chumasú a bheith rannpháirteach go hiomlán i ngach gné den fhoghlaim agus den obair inár n-eagraíocht agus le meas a léiriú don éagsúlacht agus tacaíocht a thabhairt dóibh siúd a bhféadfadh constaicí a bheith rompu.

Comhionannas

Léirimid cothroime, dínit agus meas do chách chun comhdheiseanna a chinntiú do gach foghlaimoir, ball foirne agus páirtí leasmhar beag beann ar a gcúlra, a bhféiniúlacht, a stádas ná a gcúinsí pearsanta.

Meas

Léirimid meas do gach duine agus do dhínit, cearta daonna agus indibhidiúlacht gach duine. Cuirimid cúram agus caidreamh dearfach chun cinn i ngach scoil, ionad agus ionad oibre.

Muintearas

Bímid ag obair le chéile chun ceangail láidre agus muintearas a chothú i measc ár bhfoghlaimoirí, ár mball foirne agus ár bpáirtithe leasmhara trí chomhoibriú agus cumarsáid chun freastal ar riachtanais ár bpobail foghlama agus chun spriocanna na heagraíochta a bhaint amach.

Ionracas

Léirimid meas do gach duine agus do dhínit, cearta daonna agus indibhidiúlacht gach duine. Cuirimid cúram agus caidreamh dearfach chun cinn i ngach scoil, ionad agus ionad oibre.

Barr feabhais

Bímid ag obair le chéile chun ceangail láidre agus muintearas a chothú i measc ár bhfoghlaimoirí, ár mball foirne agus ár bpáirtithe leasmhara trí chomhoibriú agus cumarsáid chun freastal ar riachtanais ár bpobail foghlama agus chun spriocanna na heagraíochta a bhaint amach.

Comhthéacs Straitéiseach

Ullmhaíodh Ráiteas Straitéise Bhord Oideachais agus Oiliúna Chill Dara agus Chill Mhantáin i bhfianaise athrú geilleagrach, sóisialta, déimeagrafach, comhshaoil, reachtaíochta agus teicneolaíochta.

Cé go bhfuil na dúshláin a bhain leis an bpaindéim curtha dinn, tá éiginnteacht ghinearálta ann faoi láthair maidir le todhchaí na tíre mar gheall ar an ngéarchéim aeráide, athruithe a d'fhéadfadh teacht ar bheartais na Stát Aontaithe a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar infheistíocht intíre, fostaíocht agus gníomhaíocht gheilleagrach, an cogadh san Úcráin, na dúshláin a bhaineann leis an Intleacht Shaorga agus srianta i margadh an tsaothair – ráta dífhostaíochta 4.5% a léiríonn lánfhostaíocht nach mór agus dúshlán ag eascairt as seo ag freastal ar éilimh mhargadh an tsaothair, go háirithe in earnálacha ina dteastaíonn sainscileanna.

Tá an pobal ag dul in aois ar an mórgóir agus tá ráta ard imirce agus fáis daonra sa dá chontae. Tá éagsúlachtaí suntasacha socheacnamaíocha laistigh den BOO ar leibhéal réigiúnach. Cuireann na cúinsí seo ar fad leis an éileamh ar sholáthar seirbhísí. Tá ár BOO ag fás go fóill agus tá éileamh níos mó ann ar sholúbthacht maidir le conas a sholáthraimid ár bpríomhsheirbhísí.

An Comhthéacs Reachtaíochta agus Beartais

Faoi Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna, 2013 cuireadh 16 Bhord Oideachais agus Oiliúna (BOO) ar bun agus tugadh isteach Cód Cleachtais um Rialú BOONna. In Alt 27 den Acht éilítear ar BOO Ráiteas Straitéise 5 bliana a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Bhoird agus na Roinne Oideachais. Ní mór cuspóirí an Bhoird a shonrú sa Ráiteas Straitéise, chomh maith leis na tosaíochtaí a bhaineann leis na cuspóirí arna sonrú agus na straitéisí chun na cuspóirí sin a bhaint amach. Lena chois sin, ní mór go gcuirfear Ráiteas Straitéise BOOCDM i gcrích de réir an Chóid Cleachtais um Rialú BOONna, 2024.

Cuireadh SOLAS ar bun faoin Acht Breisoideachais agus Oiliúna, 2014 agus cuireadh Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann ar bun faoin Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint), 2012. Bunaíodh an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (RBATNE) in 2020, ó foilsíodh Straitéis dheireanach BOOCDM. Ní mór do BOOCDM feidhmiú de réir straitéisí, bheartais agus threoracha an dá eagraíocht agus de réir straitéisí, bheartais agus threoracha na Roinne Oideachais agus RBATNE.

I measc na n-achtanna rithabhachtacha eile atá mar threoir ag straitéis an BOO tá an tAcht Oideachais, 1998; an tAcht Oideachais (Leas), 2000; an tAcht um Obair don Aos Óg, 2001; an tAcht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu, 2024; an tAcht um Thús Áite do Leanaí, 2015; an tAcht um Stádas Comhionann, 2000 & 2004; Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna, 2013; Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003; agus Acht Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014.

Tá earnáil na BOONna lárnach i mbeartais an rialtais maidir le hoideachas, oiliúint agus scileanna. Tá ról tábhachtach aici chun ionchuimsiú sóisialta agus soghluaisteacht shóisialta, fás geilleagrach, cruthú fostaíochta agus comhtháthú sóisialta a chur chun cinn freisin. Tá barr feabhais agus nuálaíocht san oideachas agus san oiliúint rithabhachtach chun daoine aonair a chumasú le barr a gcumais a bhaint amach agus chun rath a chinntiú d'Éirinn.

Ní mór don BOO cuimhneamh ar a lán straitéisí rialtais atá mar threoir ag an obair a dhéanann BOO. I measc na straitéisí agus na dtreoracha faoi stiúir an rialtais a bhfuil tionchar acu ar thosaíochtaí agus straitéis BOO, ach gan a bheith teoranta dóibh, tá: Ráiteas Straitéise na Roinne Oideachais, 2023-2025; Ráiteas Straitéise RBATNE, 2023-2025; Straitéis SOLAS um Oideachas agus Oiliúint, 2025-2029 (atá beagnach críochnaithe) agus na Comhaontuithe Feidhmíochta Straitéise a ghabhann léi; Nósanna Imeachta agus Treoirínte na Roinne Oideachais maidir le Cosaint Leanaí; an Straitéis um Ghníomhú ar son na hAeráide don Earnáil Phoiblí, 2023-2025; Scileanna Glasa 2030; Deiseanna don Óige: an Straitéis Náisiúnta um Obair don Aos Óg agus Seirbhísí Gaolmhara, 2024-2028; Tithíocht do Chách; an Straitéis um Litearthacht don Saol do Dhaoine Fásta; an Creat um Leasú na Sraithe Sóisearaí; an Straitéis Dhigiteach do Scoileanna; Comhionannas Deiseanna a Sholáthar i Scoileanna; an Plean Gníomhaithe um Míchumas, 2024-2026; an Straitéis Oideachais do Phobal an Lucht Siúil agus na Romach, 2024-2030; an Straitéis um Cheannaireacht agus Bainistíocht i Scoileanna; an Plean Gníomhaíochta um Poist agus Bealaí chun Oibre; Pátrúnacht Scoileanna Náisiúnta Pobail (ó bhí 2016 ann) agus beartas an rialtais maidir le Pátrúnacht Bunscoileanna; Tionscadal 2040, an Plean Forbartha Náisiúnta, 2021-2030; Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach Thionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre; agus an Straitéis Náisiúnta um Scileanna, 2025.

Ar an gcaoi chéanna, i mbeartas an AE a chuirtear in iúl i gCreat Straitéiseach 2020 um Oideachas agus Oiliúint (ET2020), meastar go bhfuil an t-oideachas riachtanach le haghaidh fhorbairt gheilleagrach, shóisialta agus pholaitiúil na hEorpa. Cuirtear foghlaim agus soghluaisteacht ar feadh an tsaoil agus cáilíocht agus éifeachtúlacht córas oideachais chun cinn ann agus féachtar le córais oideachais ionchuimsitheacha a chinntiú chun neamhionannas a laghdú agus saoránacht ghníomhach a chur chun cinn.



Comhthéacs Straitéiseach

Réigiún BOOCDM



403K

duine ina gcónaí i
gCill Mhantáin & Cill Dara



8%

de dhaonra
na hÉireann



34%

faoi bhun
25 bliana d'aois



16.3%

an fás ar fud an réigiúin
idir 2014-2024

Comhthéacs Déimeagrafach

Tá daonra foriomlán 403,625 duine i gceantar BOO Chill Dara agus Chill Mhantáin, i.e. 8% den daonra náisiúnta. Léiríodh i sonraí ón daonáireamh a rinneadh le gairid go bhfuil méadú suntasach tagtha ar an daonra i gceantar BOOCDM. Tá méadú 10.6% tagtha ar an daonra ó rinneadh an daonáireamh deireanach. Is é an dara BOO is mó fás ó thaobh daonra de, agus an ceathrú ceann is mó i ndiaidh Bhord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath, Bhord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire agus Bhord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí. Tá Cill Dara ar cheann de na contaetha is mó fás sa Stát.

Tá méadú 16.3% tagtha ar an daonra sa réigiún le deich mbliana anuas, atá i bhfad níos tapúla ná an meán sa Stát. Is léir ón bpatrún fáis san fhadtéarma (ó 1981) go bhfuil ráta fás BOOCDM dhá oiread níos mó ná an meán náisiúnta. Tá fás ard ag teacht ar Chill Dara agus Cill Mhantáin araon go nádúrtha agus mar gheall ar an imirce.

Tá an daonra i gCill Dara agus i gCill Mhantáin measartha óg – níos óige ná an meán don Stát, agus is léir uaidh seo go mbeidh éileamh méadaithe ar sheirbhísí sa todhchaí: tá 34% de dhaonra BOOCDM faoi bhun 25 bliain, agus tá 27% faoi bhun 18 mbliana. Tá Cill Dara ar cheann de na Contaetha is óige sa Stát agus is é an mheánaois ná 36.9 bliain.

Tá BOOCDM uathúil sa chaoi a bhfuil a chuid tailte roinnte ar thrí limistéar spásúla: Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath, Mórcheantar Bhaile Átha Cliath agus an Réigiún Tairsí. Tá cuid den fhás i mBaile Átha Cliath á mhaolú ag Maigh Nuad, Léim an Bhradáin, Cill Droichid, Bré agus na Clocha Liatha, atá taobh istigh de Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath agus ar bailte arduirbithe iad ina bhfuil dlús ard daonra. Tá go leor den chuid eile den dá chontae i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath. Is iad seo na príomhbhailte ar sainithníodh sa Straitéis Spáis go bhfuil ról gníomhach socheacnamaíoch acu agus go bhféadfadh siad fás a spreagadh: Maigh Nuad, Bré, an Nás agus Cill Mhantáin-Ráth Naoi. Sainithníodh Bré, Cill Droichid, an Nás agus Droichead Nua mar bhailte móra sa straitéis Lár Bailte ar dTús.

Soláthraíonn BOOCDM oideachas agus oiliúint ar fud an réigiúin ach tá difríochtaí tábhachtacha réigiúnacha laistigh de BOOCDM a bheidh mar threoir ag an bpleanáil straitéiseach – níl an daonra chomh dlúth céanna sa deisceart agus tá rátaí níos airde dífhostaíochta agus míchumais agus leibhéil níos ísle oideachais sa cheantar sin. Tá limistéir faoi mhíbhuntáiste sa dá chontae: sainítear toghcheantair Charn an Bhua, Ráth Michíl, Chill Phádraig, Chill Bhearaigh agus Bhaile Átha Í Thiar a bheith faoi mhíbhuntáiste in Innéacs HP Pobal.



Comhthéacs Straitéiseach

Comhthéacs Fostaíochta

Is é 4.5% an ráta dífhostaíochta in Éirinn faoi láthair agus is é 66.6% an ráta rannpháirtíochta i margadh an tsaothair. Tá an ráta rannpháirtíochta do mhná níos airde ná mar a bhí riamh ó bunaíodh an Stát. Tá an ráta dífhostaíochta 3.9% sa Lár-Oirthear i bhfad níos ísle ná an ráta don Stát agus tá an ráta rannpháirtíochta 67.6% níos airde (Suirbhé ar an Lucht Saothair, Ráithe 3, 2024). I dteannta na leibhéal ard sa dá chontae ó thaobh gnóthachtáil oideachais de, go háirithe i gcrios Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath, agus an sciar níos airde den fhórsa oibre ag obair mar ghairmithe nó bainisteoirí, tugann sé seo buntáiste iomaíoch do Chill Dara agus Cill Mhantáin.

Is iad na réimsí fiontraíochta is mó i gCill Dara agus Cill Mhantáin ná Eolaíochtaí Cógaisíochta agus na Beatha, Talmhaíocht, Teicneolaíocht Talmhaíochta agus Táirgeadh Bia, Ard-Déantúsaíocht agus Ard-Innealtóireacht, Seirbhísí Airgeadais agus Teicneolaíocht, Lóistíocht agus Dáileachán, Turasóireacht agus Fáiltechas agus Fuinneamh In-athnuaite. I Straitéis Scileanna Chill Mhantáin (Wicklow Skills Strategy) moltar freagairtí a fhorbairt a bhaineann go sonrach le Breisoideachas agus Oiliúint ar riachtanais a sainaithníodh agus tionscnaimh oiliúna obairbhunaithe, printíseachtaí agus gairmoiliúint a chur chun cinn sna hearnálacha Cruthú don Scáileán agus Cruthú Inneachair; Fuinneamh In-athnuaite agus Tionscail Mhara; Agraibhia agus Foraoiseacht; agus Turasóireacht agus Fáiltechas. Tá BOOCDCM ag obair go dlúth le páirtithe leasmhara eile chun Straitéis Scileanna Chill Dara (Kildare Skills Strategy) a fhorbairt.

Tá idir stiúrthóireacht agus tacaíocht á dtabhairt ag BOOCDCM do thionscnaimh chun dul i ngleic le ganntanas scileanna agus chun uasoiliúint a chur ar an bhfórsa saothair reatha trínár rannchuidiú straitéiseach leis an bhFóram Réigiúnach Scileanna; chun tacú le hobair forbartha ina ndírítear ar riachtanais reatha agus thodhchaíocha; agus chun rannpháirtíocht (idir áitiúil agus réigiúnach) a spreagadh ar bhonn laethúil i measc fostóirí chun geilleagar dea-oilte a fhorbairt i gCill Dara agus Cill Mhantáin, agus láidreachtaí uathúla ár réigiúin á gcothú againn ag an am céanna agus scileanna níos sainiúla á soláthar againn i réimsí ina bhfuil deiseanna fostaíochta nó chun oiliúint a chur ar ár bhfórsa oibre reatha.



Tosaíochtaí Straitéiseacha 2025 - 2029



Teagasc, Foghlaim agus Foghlaimeoirí



Tacaíocht agus Forbairt d'Acmhainní Daonna



Barr Feabhais Oibriúcháin



Comhshaol agus Inbhuanaitheacht

Tosaíochtaí Straitéiseacha

Bhí misean, fíis agus luachanna BOO Chill Dara agus Chill Mhantáin, an chéim chomhairliúcháin a cuireadh i gcrích in 2024 agus an comhthéacs straitéiseach náisiúnta agus earnála i gcoitinne ina bhfeidhmíonn BOO Chill Dara agus Chill Mhantáin mar threoir aige nuair a bhí na crainn taca eochairthosaíochta straitéisí, na spriocanna agus na cuspóirí á bhforbairt aige. Sa Ráiteas Straitéise seo féachtar le nasc láidir a dhéanamh idir luachanna, modhanna oibre agus tosaíochtaí straitéiseacha, spriocanna agus cuspóirí na heagraíochta.

Crann Taca Tosaíochta Straitéisí	Tuairisceoir
Teagasc, Foghlaim agus Foghlaimeoirí	Táimid tiomanta do bharr feabhais sa teagasc agus san fhoghlaim trí chur chuige ionchuimsitheach, nuálach agus foghlaimeoiriárnach. Agus muid ag cloí leis na caighdeáin is airde, tugaimid tacaíocht d'fhoghlaimeoirí le barr a gcumais a bhaint amach agus ag an am céanna freastalaímid ar riachtanais an phobail, an gheilleagair agus na sochaí de réir mar a athraíonn siad. Leanfaimid den cháilíocht a fheabhsú agus cothóimid an t-éiteas agus an t-eispéireas foghlama ar leith atá ag scoilleana agus ionaid BOOCDCM.
Tacaíocht agus Forbairt d'Acmhainní Daonna	Cuirfimid BOOCDCM chun cinn mar mhórfhostóir san earnáil phoiblí trí bhaill foirne oilte a mhealladh, a fhorbairt agus a choimeád. Cuirfimid ionad oibre chun cinn atá dearfach, measúil agus ionchuimsitheach agus atá fréamhaithe inár gcuid luachanna. Trí fhorbairt ghairmiúil agus tacaíocht ghairmiúil, cuirfimid ar chumas ár mball foirne barr feabhais a bhaint amach agus cuidiú le timpeallacht chomhoibríoch foghlama agus oibre a chothú.
Barr Feabhais Oibriúcháin	Déanfaimid mionchoigeartú ar ár gcuid oibriúcháin chun éifeachtúlacht, trédhearcacht agus cuntasacht a chinntiú agus ár sainordú reachtúil agus ár spriocanna straitéiseacha á gcomhlíonadh againn. Trí rialachas láidir, bainistíocht fhreagrach acmhainní agus rannpháirteachas le páirtithe leasmhara, leanfaimid d'fheabhas leanúnach agus soláthar seirbhísí ardchaighdeán a spreagadh.
Comhshaol agus Inbhuanaitheacht	Comhtháthóimid an inbhuanaitheacht le gach gné dár gcuid oibre agus cinnteoidimid cleachtais atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de. Táimid tiomanta dár dtionchar a laghdú, d'éifeachtúlacht acmhainní a chur chun cinn agus do thacaíocht a thabhairt do na spriocanna náisiúnta agus domhanda don inbhuanaitheacht agus spreagfaimid rannpháirtíocht ghníomhach i measc baill foirne, foghlaimeoirí agus pobal chun todhchaí níos glaise a chothú.

Tosaíocht Straitéiseach 1

Teagasc, Foghlaim agus Foghlaimeoirí

Cuirfimid an BOO chun cinn mar cheannródaí san oideachas agus san oiliúint agus bainfimid barr feabhais amach trí chur chuige ionchuimsitheach, nuálach agus foghlaimeoirilárnach. Táimid tiomanta do thacaíocht a thabhairt do dhaltáí agus d'foghlaimeoirí uilig BOOCDM le barr a gcumais a bhaint amach agus ag an am céanna freastalaímid ar riachtanais oideachais agus oiliúna ár gcuid pobal, an gheilleagair i gcoitinne agus na sochaí de réir mar a athraíonn siad.



Sprioc	Cuspóirí
Cultúr foghlama atá dírithe ar cháilíocht a chothú	- Córais dearbhairthe cáilíochta atá foghlaimeoirilárnach a neartú, cloí le caighdeán agus tacú le feabhas leanúnach ar theagasc agus foghlaim - Feabhas a chur ar ár modhanna chun sonraí a bhailiú agus taighde a dhéanamh le cinnteoireacht a fheabhsú

Sprioc	Cuspóirí
Ár ról mar Phátrún a chomhlíonadh go héifeachtach agus a fhorbairt	- Tacaíocht leanúnach a chur ar fáil chun Éiteas an BOO a dhaingniú inár gcuid scoileanna ar fad - Leanúint dár gcaidreamh leis an Roinn, le tuismitheoirí agus le pátrúin eile lenár ról mar phátrúin a fhorbairt sa bhunscolaíocht, agus an Scoil Náisiúnta Phobail go háirithe a chur chun cinn mar eiseamláir

Sprioc	Cuspóirí
Cothroime rochtana ar oideachas agus oiliúint a chur ar fáil do chách	- Prionsabail maidir le Dearadh Uilíoch agus Dearadh Uilíoch don Foghlaim a dhaingniú chun timpeallachtaí foghlama ionchuimsitheacha, solúbtha agus inrochtana a fhorbairt níos mó - Mapáil Soláthair RSO a leathnú chun tacú le ceannaireacht ionchuimsitheach shonraibhunaithé san oideachas speisialta - Conairí solúbtha agus ionchuimsitheacha a fhorbairt sa Bhreiseoideachas agus san Oiliúint agus sa tríú leibhéal chun freastal ar riachtanais éagsúla foghlaimeoirí trí thacaíocht a thabhairt don foghlaim agus don dul chun cinn ar feadh an tsaoil - Leanúint de theanga, litearthacht, uimhearthacht agus scileanna digiteacha a chomhtháthú agus litearthacht a chur chun cinn mar scil bhunriachtanach

Sprioc	Cuspóirí
Comhpháirtíochtaí idir fostóirí agus an pobal a neartú	- Comhoibriú idir fostóirí, comhlachtaí tionscail agus pobail áitiúla a chothú ionas go mbeidh oiliúint i scileanna ag teacht leis an éileamh i margadh an tsaothair - Soláthar printíseachtaí a fhorbairt trí chomhoibriú le hOifigí Fiontair Áitiúla, Comhairlí Contae agus comhpháirtithe fiontraíochta

Sprioc	Cuspóirí
Eiseamláir de Choláiste Breisoideachais agus Oiliúna atá straitéiseach agus comhtháite a fhorbairt	Barr feabhais a chur ar chomhtháthú acmhainní chun soláthar clár, tacaíocht d'foghlaimeoirí agus freagrúlacht earnála a fheabhsú

Tosaíocht Straitéiseach 1

Teagasc, Foghlaim agus Foghlaimeoirí

Sprioc	Cuspóirí
Barr feabhais san oideachas agus san oiliúint a chur chun cinn agus stádas BOOCDM a dhaingniú mar an chéad rogha le haghaidh oideachais agus oiliúna i measc tuismitheoirí, daltaí, foghlaimeoirí agus fostóirí	- Leanúint de bharr feabhais a sholáthar i gcleachtais teagaisc agus foghlama atá nuálach, fianaisebhunaithe agus freagrúil do riachtanais foghlama - Tacú le cuir chuige oideolaíochta atá ag teacht chun cinn agus iad a chomhtháthú agus foghlaim dhigiteach agus chumaisc a fhorbairt
Sprioc	Cuspóirí
Leanúint dár n-acmhainní don Fhorbairt Ghairmiúil a úsáid chun dúshlán reatha agus thodhchaíocha sa Teagasc agus san Foghlaim a shárú	- Tacú le líonraí agus pobail nua sa chleachtas a fhorbairt nuair a theastaíonn siad chun tacú leis an gcuraclam a leathadh amach, le cúrsaí a fhorbairt agus le cáilíocht agus leasú scrúduithe stáit i mBreisoideachas agus Oiliúint agus i scoileanna - Tuilleadh feabhais a chur ar na líonraí atá ann cheana féin (Príomhoidí, Bainisteoirí agus Comhordaitheoirí Breisoideachais agus Oiliúna, Leas-phríomhoidí) agus ar na cláir mheantóireachta - Forbairt a dhéanamh ar Chreidiúnú Erasmus+ sa BOO chun comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta a fhorbairt agus tacaíocht a thabhairt do bhaill foirne chun plé le soghluaisteach isteach agus amach
Sprioc	Cuspóirí
Glór an fhoghlaimeora a neartú trí rannpháirtíocht agus comhpháirtíocht níos struchtúrtha	Struchtúir rannpháirtíochta agus meicníochtaí aiseolais a fhorbairt chun teacht ar an éagsúlacht tuairimí i measc foghlaimeoirí a bheidh mar threoir ag feabhsuithe leanúnacha
Sprioc	Cuspóirí
Eolas, tacaíochtaí, tionscnaimh agus treoirchomhairleoireacht ardchaighdeán a chur ar fáil chun folláine daltaí agus foghlaimeoirí a chur chun cinn	- Líonraí reatha inár BOO a úsáid le heolas a roinnt agus tionscnaimh a chur i bhfeidhm chun tacaíocht a thabhairt d'fholláine ár gcuid daltaí agus foghlaimeoirí - A chinntiú go bhfuil conairí i gcomhair atreorú ar aghaidh d'fhoghlaimeoirí daingnithe i ngach scoil agus ionad Breisoideachais agus Oiliúna de réir mar is cuí

Sprioc	Cuspóirí
Glacadh le comhtháthú nuálach agus eiticiúil IS (Intleacht Shaorga) i gcleachtadh teagaisc agus foghlama	- Ionad Bairr Feabhais a chruthú chun IS a úsáid i gcleachtadh teagaisc agus foghlama - A chinntiú go n-úsáideann daltaí IS go heiticiúil ina gcleachtais foghlama agus oibre - A chinntiú go n-úsáideann an fhoireann Teagaisc agus Foghlama IS go cuí agus cleachtas oideolaíochta á chur i bhfeidhm acu
Sprioc	Cuspóirí
Rialachas agus comhlíonadh a neartú i soláthar Seirbhísí don Aos Óg	Cloí le próisis láidre rialachais chun trédhearcacht agus cuntasacht a chinntiú i ngach oibríocht a bhaineann le seirbhísí don aos óg trí iniúchtaí comhlíonta rialta a dhéanamh agus trí threoircláir náisiúnta a chomhlíonadh le leibhéal ard ionracais agus éifeachtachta a chinntiú
Sprioc	Cuspóirí
Rochtain ar Music Generation agus rannpháirtíocht ann a mhéadú	- Leanaí agus daoine óga a chumasú le barr a gcumais a bhaint amach trí rochtain ionchuimsitheach ar oideachas ceoil thaibhithe ar ardchaighdeán a thabhairt dóibh - Cruthaitheacht agus féinléiriú a chothú trí dheiseanna éagsúla a chur ar fáil dóibh ceol a chruthú, a sheinm agus a thaibhiú laistigh dá bpobal



Tosaíocht Straitéiseach 2

Tacaíocht agus Forbairt d'Acmhainní Daonna

Cuirfimid BOOCDM chun cinn mar mhórfhostóir san earnáil phoiblí trí bhaill foirne oilte a mhealladh, a fhorbairt agus a choimeád. Cuirfimid ionad oibre chun cinn atá dearfach, measúil agus ionchuimsitheach agus atá fréamhaithe inár gcuid luachanna. Trí fhorbairt ghairmiúil agus tacaíocht ghairmiúil, cuirfimid ar chumas ár mball foirne barr feabhais a bhaint amach agus cuidiú le timpeallacht chomhoibriúch foghlama agus oibre a chothú.



Sprioc	Cuspóirí
Leanúint d'acmhainní daonna a fhorbairt lena chinntiú go bhfuil na scileanna agus an t-eolas ag ár bhfoireann lenár sainordú reachtúil agus ár dtosaíochtaí straitéiseacha a chomhlíonadh	- Baill foirne den chéad scoth a mhealladh, a earcú agus a choimeád trí earcaíocht sholúbtha nuálach éifeachtúil agus straitéisí ionductaithe atá ábhartha dár n-earnáil a fhorbairt - Cur chuige straitéiseach atá dírithe ar riachtanais a chinntiú i leith Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) trí phríomhréimsí fáis a shainathint laistigh den BOO agus trí thionscnaimh FGL a ailíniú le tosaíochtaí straitéiseacha, agus ar an gcaoi sin ár dtiomantas d'fhorbairt fostaithe agus do bharr feabhais a neartú - Acmhainn cheannaireachta ár bhfoirne a fheabhsú trí chlár shaindeartha forbartha ceannaireachta/inseirbhíse agus tionscnaimh thacaíochta ghaolmhara a chur ar fáil

Sprioc	Cuspóirí
Barr feabhais a chothú i rannpháirtíocht foirne trí thús áite a thabhairt do sheirbhís inmheánach do chustaiméirí, do chumarsáid shoiléir agus thrédhearcach leis an bhfoireann agus do phróisis mhaithe oibre	- Straitéis i gcomhair cumarsáid inmheánach foirne agus plean gníomhaithe a chur i bhfeidhm ionas go mbeidh an fhoireann eolach agus rannpháirteach agus chun rochtain éasca a thabhairt don fhoireann ar fad ar eolas ardchaighdeán chun tacú lena gcuid oibre agus lena gcuid socruithe fostaíochta - Cairt Seirbhíse Custaiméirí BOOCDM a chur chun cinn chun tacú le barr feabhais seirbhíse do gach ball foirne, dalta agus foghlaiméir

Sprioc	Cuspóirí
Cultúr dearfach atá bunaithe ar luachanna chur chun cinn go gníomhach san ionad oibre, lena n-áirítear comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsiú a chur chun cinn inár BOO	- Luachanna BOOCDM a chur chun cinn go gníomhach chun tacú le cultúr dearfach agus táirgiúil san ionad oibre - Ár bPlean Gníomhaithe um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm mar chuid dár nDualgas Earnála Poiblí chun tacaíocht dár bhfoireann a chinntiú agus chun ionad oibre ilghnéitheach agus ionchuimsitheach a chur chun cinn go gníomhach - Fóraim oscailte a chur ar bun chun aiseolas agus gníomhartha feidhmithe a bhailiú agus chun eispéireas na foirne a fheabhsú inár BOO


Sprioc	Cuspóirí
Tacú le Folláine na Foirne	- Straitéis Folláine Foirne chuimsitheach a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ina gcothaítear cultúr sláinte, sábháilteachta, leasa agus folláine i gcoitinne do na fostaithe ar fad, mar dhaoine aonair agus le chéile ar fud an BOO - Cleachtais nua-aimseartha oibre a athbhreithniú, a phlé agus a chur i bhfeidhm go leanúnach a thacaíonn le spriocanna, táirgiúlacht, sásamh agus folláine foirne san eagraíocht

Sprioc	Cuspóirí
Ionchuimsitheacht a chur chun cinn, tacaíocht a thabhairt do chomhionannas agus éagsúlacht a spreagadh go gníomhach i measc ár bhfoirne agus ár n-úsáideoirí seirbhíse agus, sa deireadh thiar, ár ndualgais faoin Reachtaíocht um Dhualgas Earnála Poiblí a chomhlíonadh.	- Comhlíonadh Rialachán Rialtais agus Reachtaíochta um Dhualgas Earnála Poiblí a chinntiú - Tacú le hoideachas agus tuiscint chomhpháirteach ar ionchuimsitheacht agus éagsúlacht laistigh dár BOO - Constaicí ar rochtain, rannpháirtíocht agus caidreamh a shainathint go réamhghníomhach agus aghaidh a thabhairt orthu do dhaltaí agus baill foirne araon - Ár BOO a chur chun cinn mar fhostóir comhdheiseanna

Tosaíocht Straitéiseach 3

Barr feabhais Oibriúcháin

Déanfaimid mionchoigeartú ar ár gcuid oibríochtaí chun éifeachtúlacht, trédhearcacht agus cuntasacht a chinntiú agus ár sainordú reachtúil agus ár spriocanna straitéiseacha á gcomhlíonadh againn. Trí rialachas láidir, bainistíocht fhreagrach acmhainní agus rannpháirteachas le páirtithe leasmhara, leanfaimid d'fheabhas leanúnach agus soláthar seirbhísí ardchaighdeáin a spreagadh. Áirítear lenár gcuid oibríochtaí Airgeadas, Foirgnimh, Soláthar, Seirbhísí Corparáideacha, Acmhainní Daonna agus TFC.



Sprioc	Cuspóirí
Feabhas a chur ar éifeachtúlacht fheidhmíocht na bhfoirne Airgeadais, Oibríochtaí Acmhainní Daonna, Foirgneamh, Soláthair, TFC agus Seirbhísí Corparáideacha chun spriocanna straitéiseacha agus freagrachtaí BOOCDM a chomhlíonadh go rathúil	- Barr feabhais a chur ar ár bpróisis agus ár nósanna imeachta chun feabhas leanúnach a chinntiú i ngach gné dár gcuid oibríochtaí - Rannpháirtíocht agus forbairt fostaithe a uasmhéadú chun cultúr foghlama a chruthú agus lena chinntiú go mothaíonn fostaithe go léirítear meas orthu agus go bhfuil siad spreagtha agus cumasaithe lena ndícheall a dhéanamh san obair - Seirbhísí ardchaighdeáin a sháraíonn ionchais ár bpáirtithe leasmhara a sholáthar go seasta chun caidrimh láidre a chothú agus sásamh a chinntiú - Córais bainistíochta riosca atá ann cheana féin a fheabhsú trí athbhreithniú iniúchóireachta, rianú feidhmíochta agus measúnuithe riosca chun leochaileachtaí a shainaithint agus chun dul i ngleic leo go réamhghníomhach le cobhsaíocht oibriúcháin fhadtéarmach a chinntiú - Leibhéil uathobrithe i bpróisis a dhéantar de láimh a mhéadú chun freagrúlacht mhaith agus éifeachtúlachtaí seirbhíse a chinntiú
Sprioc	Cuspóirí
Cruthú, stóráil, próiseáil agus tarchur eolais, agus rochtain shlán air, a éascú agus a bharrfheabhsú	- Barr feabhais a chur ar bhonneagar TFC BOOCDM chun rochtain shaoráideach agus shlán ar acmhainní eolais a chumasú - Straitéis a fhorbairt agus a úsáid chun fearainn líonra BOOCDM a uasghrádú agus a dhaingniú agus athshlánú ó thubaiste a leabú inti
Sprioc	Cuspóirí
Rúndacht, sláine agus infhaighteacht eolais agus córas i dtimpeallacht líonraithe a chosaint, lena n-áirítear sonraí, cainéil chumarsáide agus bonneagar TFC a chosaint ar bhagairtí éagsúla ar nós rochtain neamhúdairithe, cibirionsaithe, sárú ar shonraí agus briseadh seirbhíse	- Straitéis a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun an riosca cibirionsaithe a laghdú trí Chóras Bainistíochta Slándála Eolais atá ag teacht go hiomlán le Caighdeáin Bhonnlíne Chibearshlándála agus moltaí slándála 365 a phleanáil, a chur i bhfeidhm agus a chothabháil - An glacadh le néalríomhaireacht láraithe agus chuíchóirithe a chur chun cinn chun freastal ar riachtanais ghnó BOOCDM - Straitéis a fhorbairt agus a úsáid chun barr feabhais a chur ar rochtain mhóibíleach shlán agus cianrochtain shlán

Tosaíocht Straitéiseach 3

Barr feabhais Oibriúcháin

Sprioc	Cuspóirí
A chinntiú go bhfuil sé ar chumas BOOCDCM próisis bhunriachtanacha a choinneáil roimh thubaiste, lena linn agus ina diaidh	- Forbairt agus feidhmiú Plean Leanúnachais Gnó (PLG) a éascú - Forbairt agus feidhmiú Plean Athshlánaithe ó Thubaiste (PAT) a éascú
Sprioc	Cuspóirí
Éifeachtúlacht agus éifeachtacht ár gcuid foirne a fheabhsú trí na deiseanna a bhaineann le hIntleacht Shaorga (IS) a ghlacadh chugainn féin	- Cumas ár gcuid foirne feidhmiúcháin a fhorbairt chun leas a bhaint as na deiseanna a bhaineann le IS - Éifeachtúlacht agus éifeachtacht ár gcuid oibríochtaí a fheabhsú trí na deiseanna a bhaineann le hIntleacht Shaorga (IS) a ghlacadh chugainn féin
Sprioc	Cuspóirí
Cumarsáid agus rannpháirteachas le páirtithe leasmhara a fheabhsú chun tuiscint ar ár gcuid seirbhísí, comhoibriú agus soláthar na seirbhísí sin a chur chun cinn	- Cumarsáid agus cur chun cinn ár seirbhísí a fheabhsú trí straitéis chumarsáide do BOOCDCM i dtaca le cumarsáid inmheánach agus sheachtrach araon, le caidreamh poiblí agus le tionscnaimh mhargaíochta - Caidrimh láidre a fhorbairt le príomhpháirtithe leasmhara trí chreat struchtúrtha a chur i bhfeidhm i gcomhair cumarsáid le comhpháirtithe oideachais, le grúpaí pobail agus le hionadaithe áitiúla - Luachanna ár BOO a chur in iúl agus cuidiú le comhthuiscint ar na luachanna seo sa chleachtas chun tacú le cinnteoireacht mhaith agus iompar eiticiúil inár BOO - Ár gcórais, polasaithe agus prótacail a athbhreithniú, a fhorbairt agus a fheabhsú chun éifeachtúlacht agus inrochtaineacht ár gcumarsáide inmheánaí a chinntiú - Spriocanna BOOCDCM faoin Scéim Gaeilge agus maidir le cur chun cinn na Gaeilge a chomhlíonadh

Sprioc	Cuspóirí
Rioscaí Airgeadais a Mhaolú	- Rialuithe íocaíochta a fheabhsú chun an riosca íocaíochtaí calaoiseacha nó míchuí a mhaolú - Straitéis a chur i bhfeidhm chun deireadh a chur le hús íocaíochta praise agus pionóis i scoileanna agus in ionaid - Dea-chleachtas a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm i mbainistíocht airgeadais scoileanna agus ionad
Sprioc	Cuspóirí
Timpeallachtaí fisiciúla foghlama agus oibre ar ardchaighdeán a sholáthar agus a chothabháil	- Oifig Bainistíochta Clár inscálaithe a chur ar bun agus sraith straitéisí a fhorbairt i gcomhair Acmhainní Bainistíochta Clár agus Tionscadal - Foinse aonair sonraí a fhorbairt i gcomhair bainistíocht tógála agus oibreacha caipitiúla atá éifeachtach agus leanúnach - Clár cuimsitheach láraithe a fhorbairt i gcomhair Cothabháil Choisctheach Phleanáilte



Tosaíocht Straitéiseach 4

Comhshaol agus Inbhuanaitheacht

Chun an inbhuanaitheacht a chomhtháthú le gach gné dár gcuid oibríochtaí agus cleachtais atá freagrach ó thaobh an chomhshaoil de a chinntiú ar fud ár gcuid saoráidí, seirbhísí agus gníomhaíochtaí, táimid tiomanta dár dtionchar ar an gcomhshaol a laghdú, d'éifeachtúlacht acmhainní a chur chun cinn agus do chultúr inbhuanaitheachta a chothú. Áirítear leis seo tacaíocht a thabhairt go gníomhach do thionscnaimh a chuidíonn le todhchaí níos glaise a bhaint amach agus atá ag teacht le spriocanna náisiúnta agus domhanda don chomhshaol, agus ár bhfoireann, foghlaimeoirí agus pobail a chur i mbun ceannaireacht chomhshaoil.



Sprioc	Cuspóirí
Faoi 2030, a chinntiú go mbeidh an t-eolas agus na scileanna riachtanacha ag gach foghlaimeoir chun forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn	- Oiliúint i scileanna glasa agus feasacht ar an gcomhshaol a fhorbairt ar fud gach cláir oideachais chun freastal ar éilimh gheilleagar ísealcharbóin na hÉireann, de réir mar a thagann siad chun cinn - Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe (OFI) a dhaingniú in oideachas agus oiliúint trí úsáid oideolaíochtaí OFI a chur chun cinn - Ceannaireacht san OFI a fhorbairt agus cur le cumas ár gcuid oideoirí OFI a dhaingniú i gcuraclaim trí Fhorbairt Ghairmiúil a chur chun cinn agus trí dhea-chleachtas a chomhroinnt - Cleachtais atá freagrach ó thaobh an chomhshaoil de a chur chun cinn agus smaointeoireacht chriticiúil a fhorbairt maidir le dúshlán inbhuanaitheachta chun dlús a chur le gníomhartha ar leibhéal áitiúil trí fhoghlaimeoirí a chumasú

Sprioc	Cuspóirí
Faoi 2030, astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaineann le fuinneamh a laghdú faoi 51% agus éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú faoi 50%	- Plean gníomhaithe um Éifeachtúlacht agus Inbhuanaitheacht Fuinnimh a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm do BOOCDM, ar aon dul le Clár an Rialtais agus an Straitéis Náisiúnta um Ghníomhú ar son na hAeráide - Tús a chur le Cultúr Bainistíochta Fuinnimh agus feasacht ar bhainistíocht fuinnimh agus iad a dhaingniú ar fud BOOCDM

Sprioc	Cuspóirí
Timpeallachtaí foghlama a chlaohlú chun inbhuanaitheacht a chur chun cinn	- Dul i dteagmháil go bríomhar agus go comhoibríoch le scoileanna agus ionaid mar chuid den Ghrúpa Oibre um Inbhuanaitheacht lena chinntiú go sainaithneofar agus go dtacófar le spriocanna náisiúnta agus laghduithe féideartha maidir le hídú fuinnimh - Timpeallachtaí foghlama inbhuanaithe a spreagadh lenár lorg carbóin agus ár ndramháil a laghdú agus caomhnú uisce a fheabhsú trí fheasacht a spreagadh - Tionscnaimh bhitheagsúlachta, taisteal gníomhach agus glas agus tionscadail gníomhaithe ina bpléann foghlaimeoirí agus baill foirne leis an inbhuanaitheacht a chur chun cinn - Tacú le clár oibre na hÉireann i dtaca le SFI 2030 trí obair a dhéanamh chun polasaithe, cleachtais agus cláir a ailíniú

Sprioc	Cuspóirí
Earraí agus seirbhísí ardchaighdeán inbhuanaithe a fháil chomh maith le luach ár gcuid airgid.	- Córas agus Próiseas Bainistíochta Conarthaí um Sholáthar a chur i bhfeidhm - Earraí, seirbhísí agus oibreacha a bhfuil tionchar laghdaithe ar an gcomhshaol ag baint lena saolré a fháil trí chritéir ghlasa sa Soláthar Poiblí a áireamh lenár gcomórtais soláthair - Deireadh a chur le caiteachas neamhchomhlíontach faoi 2029

Sprioc	Cuspóirí
Comhpháirtíochtaí don inbhuanaitheacht a neartú	Leanúint den chomhoibriú le hearnáil na tionsclaíochta agus le príomhpháirtithe leasmhara chun cúrsaí, cáilíochtaí agus acmhainní a fhorbairt níos mó agus chun an BOO a chur chun cinn mar cheannródaí in oideachas agus oiliúint a bhaineann leis an inbhuanaitheacht agus le scileanna glasa



An Bealach a nOibrímid

Agus na spriocanna agus cuspóirí á gcomhlíonadh againn, tá BOOCDM tiomanta do nósanna oibre atá bunaithe ar ionracas, trédhearcacht agus tiomantas láidir do sheirbhís phoiblí ardchaighdeán agus do luach ar airgead. Táimid tiomanta dár gcuid oibre a neartú go comhoibríoch i ngach crann taca dár n-eagraíocht, tacaíocht a thabhairt do chaidrimh láidre agus comhoibriú a chumasú ionas go mbeidh ár bhfoirne scoile, Breisoideachais agus Oiliúna, Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta nasctha le chéile chun na torthaí is fearr is féidir a bhaint amach d'fhoghlaimoirí, baill foirne agus na pobail ar a bhfreastalaímid.

An Bealach a nOibrímid

Rialachas

Is é an dea-rialachas dlúth agus inneach ár gcuid oibre agus deimhnítear cinnteoireacht oscailte, chuntasach agus fhianaisebhunaithe dá bharr. Cloímid leis na caighdeáin is airde maidir le maoirseacht eiticíúil, bainistíocht riosca agus comhlíonadh lena chinntiú go bhfuil ár gcuid oibríochtaí éifeachtúil, trédhearcach agus freagrúil do riachtanais foghlaimeoirí, páirtithe leasmhara agus na sochaí de réir mar a thagann siad chun cinn.


Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú a dhaingniú

Táimid tiomanta do chomhionannas, cearta daonna agus ionchuimsiú a chur chun cinn i ngach gné dár gcuid oibre. Trína chinntiú go léiríonn ár gcláir agus ár seirbhísí riachtanais éagsúla ár bhfoghlaimeoirí, oibrímid go gníomhach chun fáil réidh le constaicí ar rannpháirtíocht agus chun conairí a chruthú atá cothrom, inrochtana agus foghlaimeoirilárnach. Le linn thréimhse feidhme na straitéise seo, neartóimid an comhoibriú idir ár gcuid foirne scoile, Breisoideachais agus Oiliúna agus TFE chun conairí níos inrochtana, níos solúbtha agus níos ionchuimsithí a sholáthar san oideachas agus san oiliúint le foghlaim agus dul chun cinn ar feadh an tsaoil a chur chun cinn.

Comhoibriú agus Cumarsáid

Creidimid go gcuireann comhoibriú ar fud gach réimse dár n-eagraíocht lenár gcumas oideachas agus oiliúint ar ardchaighdeán a sholáthar. Tá meas agus comhoibriú fite fuaite inár nósanna oibre chun ionad oibre dearfach, tacúil agus ionchuimsitheach a chothú. Trí fhoghlaimeoirí a chomhroinnt agus trí chomhoibriú, cruthaímid timpeallacht inar féidir le smaointe teacht chun cinn, ina n-éistear le glór na bhfoghlaimeoirí agus na foirne agus ina bhfuil an nuálaíocht faoi bhláth.

Is mar gheall ar an gcumarsáid éifeachtach a éiríonn linn. Bíonn teagmháil oscailte, mheasúil agus thrédhearcach againn lenár gcuid páirtithe leasmhara ar fad agus bainimid úsáid as cumarsáid shoiléir shothuigthe ionchuimsitheach le muinín a chothú, le comhpháirtíochtaí a neartú agus lena chinntiú go bhfuil ár seirbhísí sothuigthe agus freagrúil do riachtanais ár gcuid pobal.



Inbhuanaitheacht agus Bainistíocht Fhreagrach Acmhainní

Bunphrionsabal dár gcuid oibre is ea luach ar airgead a chinntiú. Táimid tiomanta do bhainistíocht éifeachtúil acmhainní agus tugaimid tús áite do chinntí a sholáthraíonn na torthaí is fearr is féidir dár gcuid foghlaimeoirí agus dár gcuid pobal. Is gné lárnach dár gcur chuige í an inbhuanaitheacht agus bímid ag obair lenár dtionchar ar an gcomhshaol a íoslaghdú, le hacmhainní a úsáid go freagrach agus le hinbhuanaitheacht fadtéarma a dhaingniú i ngach rud a dhéanaimid.

Digitíú, Nuálaíocht agus Claochlú

Glacaimid chugainn féin an claochlú digiteach agus an nuálaíocht mar ghnéithe rithábhachtacha chun oideachas agus oiliúint atá foghlaimeoirilárnach, inrochtana agus dírithe ar an todhchaí a spreagadh. Comhtháthaímid léargais bunaithe ar an teicneolaíocht agus ar shonraí leis an eispéireas foghlama a fheabhsú, le soláthar seirbhísí a fheabhsú agus le hoibríochtaí a chuíchóiriú. Tá iniúchadh á dhéanamh againn go gníomhach ar acmhainneacht na hIntleachta Saorga cuir chuige theagaisc agus foghlama a neartú agus barr feabhais a chur ar phróisis riaracháin chun cur lena n-éifeachtúlacht agus lena dtionchar. Tá ár dtiomantas don IS bunaithe ar úsáid eiticíúil agus fhreagrach chun trédhearcacht, ionchuimsitheacht agus comhlíonadh dualgas rialála a chinntiú. Agus muid ag forbairt go leanúnach chun freastal ar threochtaí agus riachtanais foghlaimeoirí de réir mar a thagann siad chun cinn, cinntímid go mbaineann foghlaimeoirí, baill foirne agus páirtithe leasmhara tairbhe as réitigh oideachais agus oiliúna atá forasach agus freagrúil.

Trí na prionsabail seo a dhaingniú inár n-obair laethúil agus trí chomhoibriú a threisiú ar fud na heagraíochta, cruthaímid conairí oideachais agus foghlama atá solúbtha agus inrochtana agus atá mar thaca ag foghlaim ar feadh an tsaoil agus dul chun cinn gairmiúil. Tá ár mbunluachanna mar bhonn agus taca ag an mbealach a n-oibrímid lena chinntiú go bhfuil gach rud a dhéanaimid foghlaimeoirilárnach. Tá BOOCDCM tiomanta go fóill do sheirbhísí oideachais agus oiliúna a sholáthar as a bhfaighimid luach ár gcuid airgid, atá ar ardchaighdeán, freagrach agus inbhuanaithe, atá ag teacht le Clár an Rialtais agus a fhreastalaíonn ar riachtanais ár bhfoghlaimeoirí, earnáil na tionsclaíochta, na sochaí agus na bpobal ar a bhfreastalaímid.



Forléargas ar Sheirbhísí BOOCDM

Údarás státmhaoinithe is ea Bord Oideachais agus Oiliúna Chill Dara agus Chill Mhantáin (BOOCDM), atá freagrach as deiseanna foghlama atá ar ardchaighdeán, ionchuimsitheach agus ar feadh an tsaoil a chur ar fáil ar fud Chill Dara agus Chill Mhantáin. Inár gceithre Stiúrtóireacht – Scoileanna, Breisoideachas agus Oiliúint, agus dhá stiúrtóireacht laistigh de Thacaíocht agus Forbairt Eagraíochta – bítear ag obair le chéile lena chinntiú go bhfaigheann foghlaimeoirí an t-oideachas, an oiliúint agus na tacaíochtaí is fearr is féidir.

Mar sholáthraí atá cuntasach don phobal, táimid tiomanta d'oideachas agus oiliúint a sholáthar atá bunaithe ar chomhionannas, ionchuimsitheach agus foghlaimeoiríocht agus atá mar thaca ag daltaí agus foghlaimeoirí uilig BOOCDM chun barr a gcumais a bhaint amach. Inár seirbhísí scoile agus Breisoideachais agus Oiliúna, cuirtear conairí dul chun cinn ar fáil chun rochtain do chách ar an bhfoghlaim a chinntiú.

Bíonn BOOCDM ag comhoibriú go gníomhach le páirtithe leasmhara áitiúla agus náisiúnta agus le comhpháirtithe idirnáisiúnta, lena n-áirítear ranna rialtais, údarais áitiúla, institiúidí ardoideachais, gníomhaireachtaí fontraíochta, comhlachtaí tionscail agus eagraíochtaí pobail lenár seirbhísí a ailíniú le tosaíochtaí réigiúnacha agus náisiúnta agus le tosaíochtaí an AE.



Cuirimid réimse leathan clár agus seirbhísí oideachais agus oiliúna ar fáil lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta dóibh:

Oideachas agus Oiliúint

- Scoileanna: Scoileanna Pobail, Gaelcholáistí, Scoileanna Náisiúnta Pobail, Scoileanna Speisialta agus Cláir Críochnaithe Scolaíochta
- Foirne Réigiúnacha Oideachais agus Teanga
- Breisoideachas agus Oiliúint, agus Cláir Tríú Leibhéal: Coláistí agus Ionaid Bhreisoideachais, Printíseachtaí, Cúrsaí Oiliúna, Oiliúint Thionscaltreoraithe i Scoileanna, Seirbhísí Oideachais Aosaigh agus Conairí Dul Chun Cinn chuig Ardoideachas
- Oideachas Aosach agus Pobail
- Seirbhísí don Aos Óg
- Oideachas Allamuigh
- Oideachas sna Príosúin
- Spórt a Chur chun Cinn
- Music Generation

Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta (TFE)

Tá an Stiúrtóireacht TFE, atá faoi stiúir beirt stiúrtóirí, mar bhonn agus taca ag obair na scoileanna agus na n-ionad Breisoideachais agus Oiliúna chun seirbhísí bunriachtanacha riaracháin agus oibriúcháin agus tacaíocht bhainistíochta agus straitéiseach a sholáthar lena chinntiú go mbainistítear gach feidhm go héifeachtúil.

Tá an fhoireann TFE freagrach as na príomhsheirbhísí atá mar thaca ag feidhmiú éifeachtach an tsoláthair oideachais agus oiliúna, lena n-áirítear:

- Acmhainní Daonna
- Airgeadas
- Seirbhísí Corparáideacha agus Rialachas
- Teicneolaíocht Faisnéise agus Chumarsáide (TFC)
- Foirgnimh
- Soláthar


Chun teacht ar thuilleadh eolais faoin réimse iomlán seirbhísí agus tacaíochtaí atá againn, tabhair cuairt ar ár suíomh gréasáin, **kwetb.ie**

Feidhmiú agus Monatóireacht

Beidh na spriocanna, tosaíochtaí agus gníomhartha seo mar bhonn faoi phleananna feidhmithe laistigh de gach réimse den eagraíocht. Comhtháthófar gníomhartha ó na pleananna seo leis na Pleananna Seirbhíse Bliantúla, a fhaomhfaidh Bord an BOO gach bliain agus a dtabharfar tuairisc orthu sa Tuarascáil Bhliantúil. Cuirfear an Tuarascáil Bhliantúil faoi bhráid na Roinne Oideachais agus comhlachtaí cistiúcháin eile de réir mar is ábhartha agus foilseofar í. Tá an eagraíocht tiomanta don Ráiteas Straitéise 5 bliana seo agus braithfidh a chur i bhfeidhm ar na hacmhainní a bheidh ar fáil.

Is ó na buiséid oibriúcháin reatha a gheofar na hacmhainní a theastaíonn chun an Straitéis a chur i bhfeidhm agus lorgófar cistiú breise más gá. Tuigimid go bhféadfadh athruithe beartais rialtais, brúnna airgeadais agus sriantachtaí buiséid teacht chun cinn le linn na tréimhse seo agus go bhféadfadh coigeartuithe a bheith ag teastáil ar ár straitéis dá bharr.

Rianóidh an Príomhfheidhmeannach agus na Stiúrthóirí an dul chun cinn go rialta agus tabharfaidh siad an t-eolas is deireanaí do Bhord an BOO de réir mar is gá. Lena chois sin, shínigh an Roinn Oideachais agus Bord Oideachais agus Oiliúna Chill Dara agus Chill Mhantáin Comhaontú Soláthair Feidhmíochta go foirmiúil. Cinntítear leis an gcomhaontú seo go n-úsáidtear acmhainní go héifeachtúil chun seirbhísí ardchaighdeáin oideachais agus oiliúna a sholáthar. Tá sé ag teacht le spriocanna na Roinne agus an BOO agus leagtar síos spriocanna sonracha don BOO gach bliain. Tugtar breac-chuntas sa chomhaontú freisin ar tháscairí feidhmíochta chun dul chun cinn an BOO a thomhas agus déantar cur síos ann ar conas a thacóidh an Roinn leis an BOO lena chuid spriocanna agus torthaí a bhaint amach.





Aguisíní

Aguisín 1

Forbairt Straitéiseach agus Comhairliúcháin le Páirtithe Leasmhara

Thosaigh BOOCDM ar a ráiteas straitéise a fhorbairt i mí Eanáir 2024 agus ba é an misean a bhí aige ná straitéis a leagan amach i gcomhair forbairt thodhchaíoch oideachais, oiliúna, oibre don aos óg agus seirbhísí tacaíochta a chuirfeadh lenar baineadh amach sa straitéis roimhe seo. I mí Eanáir 2024 éascaíodh seisiún machnaimh, 'Framing our Statement of Strategy 2025-29', i gcomhair Fhóram Ceannaireachta agus Bainistíochta BOO, fóram ionadaíoch ceannairí sinsearach laistigh den eagraíocht, ina ndearnadh athbhreithniú ar an straitéis roimhe seo. Shainithin na daoine a bhí i láthair gur thug an straitéis sin an eagraíocht le chéile agus gur leagadh síos croí-thosaíochtaí inti ach go bhféadfadh sé go raibh sí ródhírithé ar chúrsaí oibriúcháin. I measc na bpríomhrudaí a fuarthas amach ó fhorbairt agus forfheidhmiú na straitéise roimhe seo, agus ar chóir go mbeadh tionchar acu ar an straitéis nua, bhí an t-aitheantas gur cheart go mbeadh níos mó i gceist leis an ráiteas straitéise ná straitéisí earnála náisiúnta reatha a thabhairt le chéile, mar shampla, nuair atá níos mó réadúlachta ag teastáil chun paraiméadair iarbhir a shainithint maidir le hacmhainní a chur ar fáil agus raon feidhme a leagan amach. Aithníodh gur cheart go mbeadh luach breise don eagraíocht ag baint leis an ráiteas straitéise agus gur mhó an t-iomlán ná suim a chuid páirteanna ó thaobh na heagraíochta de.

San Fhóram Ceannaireachta agus Bainistíochta cuireadh tús le príomhghnéithe a shainithint lena n-áireamh leis an ráiteas straitéise nua freisin agus díriodh ar an mbéim a choinneáil ar cháilíocht, teagasc agus foghlaim agus seirbhís do chustaiméirí ionas go mbeadh leanúnachas idir an tseanstraitéis agus an ceann nua. Bhíodhas an-tiomanta do bhéim a chur ar chomhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsiú agus ar inbhuanaitheacht mar ghnéithe rithabhachtacha den straitéis nua mar bhíodhas go láidir den tuairim gur léiriú iad ar bhunluachanna leanúnacha an BOO. Tosaíodh ag cur béim níos mó ar nósanna oibre freisin, lena n-áirítear béim láidir ar chumarsáid agus comhoibriú bunaithe ar obair thraseagraíochta nó obair ina dtugtar na crainn taca le chéile chun an BOO a chumasú lena thionchar a uasmhéadú. Cuireadh béim ar thábhacht na bpáirtithe leasmhara – foghlaiméoirí, daltaí agus baill foirne go háirithe.

Tar éis na seisiún machnaimh san Fhóram Ceannaireachta agus Bainistíochta cuireadh Foireann Forbartha Straitéise ar bun i mí an Mhárta 2024 ar a raibh ionadaithe ó ar fud na heagraíochta. Cuireadh de chúram ar an bhFoireann Forbartha Straitéise bainistíocht a dhéanamh ar an bpróiseas iomlánaíoch chun an straitéis a fhorbairt faoi cheannas an Phríomhfheidhmeannaigh. Rinneadh cinneadh leas a bhaint as acmhainní inmheánacha sa phróiseas forbartha in ionad a bheith ag brath ar acmhainní seachtracha lena chinntiú go léireofaí luachanna an BOO sa ráiteas straitéise chomh maith le dlúth-thuiscint straitéiseach ar chumas agus acmhainneacht na heagraíochta ó thaobh forbartha de.

Aguisíní

Aguisín 1

Forbairt Straitéiseach agus Comhairliúcháin le Páirtithe Leasmhara

I ndiaidh an tionscnaimh machnaimh, cuireadh tús leis an gcéim chomhairliúcháin i mí na Bealtaine 2024 agus bhí rannpháirtíocht le comhaltaí Bhord BOOCDM ar aon dul le ceanglais Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna, 2013; ba é an chúis a bhí leis an rannpháirtíocht seo ná na príomhpháirtithe leasmhara a shainaithint ar chóir dul i gcomhairle leo chun deis a thabhairt do na comhaltaí príomhcheisteanna a shainaithint ina thaobh seo. Ina dhiaidh sin, rinneadh cinneadh sraith le haghaidh Rannpháirteachas le Páirtithe Leasmhara a eagrú le linn an tsamhraidh agus an fhómhair in 2024 agus ar dtús rinneadh suirbhé ar líne le MS Forms ar Chomhlachtaí Ainmniúcháin an BOO, Grúpaí Óige agus Pobail, Grúpaí Fostóirí agus Earnála, Comhairlí Contae, Ceardchumann agus Comhlachtaí Poiblí eile. Cuireadh an suirbhé ar fáil do bhaill den phobal freisin trína fhoilsiú ar shuíomh gréasáin an BOO.

Ansin díriodh sa chomhairliúchán ar pháirtithe leasmhara inmheánacha agus cuireadh béim faoi leith ar chomhairliúchán pearsanta le foghlaimoirí Breisoideachais agus Oiliúna agus daltaí scoile; léiríodh leis seo go raibh treoir shoiléir sainitheanta ag an bhFóram Ceannaireachta agus Bainistíochta agus ag comhaltaí Bhord BOOCDM araon lena chinntiú go mbeadh glór an fhoghlaimeora lárnach go fóill i bhforbairt na straitéise. Tugadh aitheantas don tábhacht a bhaineann le pobal an BOO i gcoitinne agus chuathas i gcomhairle leis na Cumainn Tuismitheoirí trí chascáid suirbhéanna lenar thacaigh Príomhoidí an BOO. Roinneadh suirbhé cuimsitheach inar díriodh ar luachanna agus gníomhartha le háireamh leis an straitéis nua le gach ball foirne de chuid BOOCDM trí MS Forms. Ar deireadh, chuathas i gcomhairle le Ceannairí Sinsearach an BOO i seimineár a reáchtáladh i mí Dheireadh Fómhair 2024.

Bhí cinneadh beartach déanta ag an nGrúpa Forbartha Straitéise lena chinntiú go mbeadh ábhar an chomhairliúcháin comhsheasmhach ar fud na ngrúpaí páirtithe leasmhara ar fad. Bhíothas in ann meatanailís a dhéanamh ar na sonraí dá bharr sin, rud a bheadh ní b'úsáidí don phróiseas ó thaobh na straitéise de ná cur chuige ró-mhionsonraithe, a bhféadfadh malairt treo seachas leanúnachas a bheidh ann mar thoradh air. Dá réir sin, bhíothas ar aon fhocal go seasta faoin treo straitéiseach don BOO sa todhchaí a shainaithin na páirtithe leasmhara. Rud suntasach, atá ag teacht leis an athbhreithniú machnamhach a rinneadh ar dtús, ná gur chosúil gur léiríodh an leibhéal céanna suime i nósanna oibre agus a léiríodh i ngníomhartha le déanamh sa chomhairliúchán le páirtithe leasmhara.

B'fhoinsé luachmhar ionchuir é an t-aiseolas ó na comhairliúcháin chun an straitéis a fhorbairt; cuireadh béim an-láidir ar luachanna na heagraíochta agus tháinig meas agus ionchuimsiú i bhfad chun tosaigh ar fud na gcomhairliúcháin. Dhírigh na páirtithe leasmhara ar fad ar luachanna agus ar nósanna oibre an BOO seachas ar ghníomhartha straitéiseacha ar leith; léirigh páirtithe leasmhara fonn díriú ar an gcumarsáid, idir inmheánach agus seachtrach; ar nascacht idir crainn taca na heagraíochta chun cur le forbairtí lena n-áirítear obair chumaisc agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn a úsáid níos mó; agus dearbhú go leanfaí le príomhchúram an BOO maidir le caidrimh phobail. Tugadh an-aitheantas do dhul chun cinn an BOO i réimse an rialachais. Cuireadh béim ar an tábhacht a bhaineann le glór an fhoghlaimeora agus leis na dúshláin ba cheart don eagraíocht a chur roimpi féin go hinmheánach leis seo a léiriú ina cuid oibre ar bhonn laethúil; léiríodh an tábhacht a bhaineann le rannpháirtíocht agus tacaíocht foirne an t-am ar fad, agus tá sé seo ag teacht leis an mbéim a cuireadh ar nascacht agus cumarsáid. Lena chois sin, tugadh aitheantas don BOO agus léiríodh fonn mór go gcloífeadh sé go docht lena éiteas agus lena luachanna ina chuid oibre agus go mbeadh sé ina cheannródaí sa réimse seo. Bhíothas ag súil go mór go mbeadh nasc an-soiléir idir luachanna agus gníomhartha straitéiseacha an BOO.

Roinneadh an t-aiseolas ó na comhairliúcháin ag seimineár comhairliúcháin Cheannairí Sinsearach an BOO i mí Dheireadh Fómhair 2024; go deimhin, chuidigh an anailís ar an aiseolas ón gcomhairliúchán leis an seimineár é féin a threorú. Agus tagairt á déanamh aici do thábhacht luachanna agus éiteas an BOO, ag tús an tseimineáir thug an Príomhfheidhmeannach eochairóráid inar chuir sí in iúl aidhm an ráitis straitéise agus conas a d'fhéadfaí dul i bhfeidhm air; machnamh ar an straitéis roimhe seo; agus na ceisteanna comhthéacsúla i gcoitinne a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar straitéis an BOO. Ansin d'éascaigh an Dr. Seamus Conboy, Stiúrthóir Scoileanna Bhoird Oideachais agus Oiliúna Éireann (Scoileanna Náisiúnta Pobail agus Pátrúnacht), seisiún do Cheannairí Sinsearach an BOO le go bhféadfaidís machnamh a dhéanamh ar luachanna na heagraíochta agus bunluachanna ba chóir a áireamh sa straitéis nua a shainaithint. Ar deireadh iarradh orthu siúd a bhí i láthair machnamh a dhéanamh ar na ceithre chrann taca straitéiseacha sa straitéis reatha, lena n-áirítear aon bhearnaí a shainaithint, agus gníomhartha rithábhachtacha a mholadh lena n-áireamh faoi chrainn taca na straitéise nua.



Aguisíní

Aguisín 1

Forbairt Straitéiseach agus Comhairliúcháin le Páirtithe Leasmhara

Agus iad ag leanúint den chéim rannpháirtíochta agus chomhairliúcháin, chuir an Fhoireann Forbartha Straitéise a ndul chun cinn agus a dtreoir i láthair chomhaltaí nua Bhord BOOCDM le haghaidh aiseolais i mí na Samhna 2024; bhí tábhacht ar leith ag baint leis seo mar ceapadh an Bord nua seo sa samhradh in 2024. I mí na Nollag 2024 reáchtáladh comhchruinniú Ghrúpa Oibre an BOO um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú inar díródh ar luachanna na heagraíochta a mhionchoigeartú agus a shainmhíniú trí leas a bhaint as aiseolas agus ionchur ón gcomhairliúchán; thug an Grúpa Oibre CÉI faoi ráitis luachanna a dhréachtú lena n-áireamh sa straitéis thar ceann na heagraíochta.

Le linn chéim an chomhairliúcháin, thugtaí faisnéis don Fhoireann Ardbhainistíochta go rialta inar díródh ar threo na straitéise agus ar chinnteoireacht ardleibhéil maidir le nithe amhail an misean, an fhís agus na luachanna, agus na crainn taca; i mí na Nollag, cuireadh an faisnéisiú deireanach maidir le comhairliúchán i gcrích agus cuireadh tús leis an gcéim dhréachtaithe den phróiseas go foirmiúil. (Chuir an Fhoireann Forbartha Straitéise dhá fhoghrúpa oibre ar bun freisin ag an bpointe sin; ceann amháin chun an straitéis í féin a dhréachtú agus ceann eile chun dearadh agus foilsiú na straitéise a bhainistiú.) Baineadh leas as an ionchur agus as an gcomhairliúchán a rinneadh agus tugadh cuireadh do gach Stiúrthóir spriocanna straitéiseacha agus cuspóirí gaolmhara a dhréachtú faoi gach ceann de chrainn taca na dtosaíochtaí straitéiseacha. I mí Eanáir 2025 chuir an foghrúpa oibre um dhréachtú straitéise an chéad dréacht den ráiteas straitéise i gcrích le haghaidh tuilleadh comhairliúcháin.

Is léir ó fhairsinge agus doimhneacht na rannpháirtíochta i bhforbairt an ráitis straitéise seo go bhfuil an-tiomantas d'fhorbairt straitéise mhachnamhach agus mhionchúiseach i measc pháirtithe leasmhara ar fad an BOO, idir inmheánach agus seachtrach, agus go bhfuiltear ag leanúint go seasta de thábhacht a thabhairt dona chinntiú go léirítear luachanna na heagraíochta go follasach tríd an bhforbairt sin. Is léiriú iad an misean agus na luachanna, na nósanna oibre agus na tosaíochtaí straitéiseacha, spriocanna agus cuspóirí a chuirtear i láthair inár Ráiteas Straitéise ar an rannpháirtíocht agus an tiomantas sin agus cuirtear i láthair iad go hiomlán sa chomhthéacs sin.


Amlíne

Thosaigh BOOCDM ar a Ráiteas Straitéise a fhorbairt leis an bhFóram Ceannaireachta agus Bainistíochta	Eanáir 2024
- Foireann Inmheánach um Fhorbairt Straitéise curtha le chéile - Comhairliúchán le hiar-Bhord an BOO tionscanta	Márta 2024
- Comhairliúchán le Páirtithe Leasmhara: Suirbhéanna Digiteacha - Comhairliúchán Poiblí seolta ar an Suíomh Gréasáin	Bealtaine - Samhain 2024
Éascú ar Ghrúpaí Fócais Learner Voice (Glór an Fhoghlaimora)	Meán Fómhair 2024
Anailísiú Sonraí agus Torthaí Curtha i Láthair na Foirne Ardbhainistíochta agus Bhord an BOO	Meán Fómhair - Samhain 2024
Grúpaí Scríbhneoireachta agus Foilseacháin curtha le chéile laistigh den Fhoireann Forbartha Straitéise	Meán Fómhair 2024
Lá Comhairliúcháin na gCeannairí Sinsearacha ar ar Cuireadh Réamh-aiseolas ó na Comhairliúcháin le Páirtithe Leasmhara i Láthair	Deireadh Fómhair 2024
Grúpaí Fócais agus Cinneadh ar Thosaíochtaí Straitéiseacha, Luachanna agus Treoirphrionsabail leis an bhFoireann Ardbhainistíochta	Deireadh Fómhair - Nollaig 2024
Grúpaí Fócais agus Grúpa Oibre CÉI ag obair ar Luachanna	Nollaig 2024
- Ráiteas Straitéise faofa ag an bhPríomhfheidhmeannach agus ag an bhFoireann Ardbhainistíochta - Curtha faoi bhráid an Bhoird le haghaidh Faomhadh Deiridh	Márta 2025
Seoladh Oifigiúil an Ráitis Straitéise, 2025 – 2029	Bealtaine 2025
Cur i bhFeidhm, Monatóireacht agus Athbhreithniú	2025 - 2029

Appendices

Aguisín 2

Comhaltaí Bhord an BOO - Bord BOOCDCM



Comhaltaí Bhord An BOO

I gcomhréir le hAcht na mBord Oideachais agus Oiliúna, 2013, tá 21 comhalta ar Bhord BOO Chill Dara agus Chill Mhantáin; 12 chomhalta ó na húdaráis áitiúla, 2 ionadaí thar ceann tuismitheoirí, 2 ionadaí foirne agus 5 ionadaí sainleasa.

Tá na Comhaltaí Boird sa liosta thíos, chomh maith leis na comhlachtaí sonraithe ónar ainmníodh iad:

- An Clr Paul O'Brien (Cathaoirleach), Comhairle Contae Chill Mhantáin
- An Clr Evie Sammon (Leaschathaoirleach), Comhairle Contae Chill Dara
- An Clr Tom Fortune, Comhairle Contae Chill Mhantáin
- An Clr Aoife Flynn Kennedy, Comhairle Contae Chill Mhantáin
- An Clr Louise Fenelon Gaskin, Comhairle Contae Chill Mhantáin
- An Clr John Snell, Comhairle Contae Chill Mhantáin
- An Clr Nuala Killeen, Comhairle Contae Chill Dara
- An Clr Claire O'Rourke, Comhairle Contae Chill Dara
- An Clr Rupert Heather, Comhairle Contae Chill Dara
- An Clr Daragh Fitzpatrick, Comhairle Contae Chill Dara
- An Clr David Trost, Comhairle Contae Chill Dara
- An Clr Brendan Wyse, Comhairle Contae Chill Dara
- Stephen Horan, Ionadaí Foirne
- Elaine Finnerty, Ionadaí Foirne
- Lisa Campbell, Ionadaí thar ceann Tuismitheoirí
- John Cullen, Ionadaí thar ceann Tuismitheoirí
- Tom Russell, Siondróm Down Éireann
- Anne Ferris, An Cumann Ardoideachais Teicneolaíochta
- Maria Barry, Cumann na Scoileanna Pobail is Cuimsitheacha / Comhchoiste na mBainisteoirí
- Eamon O'Flaherty, Institute of Professional Auctioneers and Valuers (IPAV) (Institiúid Ghairmiúil Ceantálaithe agus Luachálaithe)
- Carol Nolan, Rásaíocht Capall Éireann

Aguisíní

Aguisín 2

Coiste Airgeadais

De réir Alt 45 d'Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna, cuirtear an coiste airgeadais ar bun chun cuidiú leis an mBord ina gcuid freagrachtaí maidir le cúrsaí airgeadais. Cuirtear na comhaltaí den choiste i láthair thíos.

- An Clr Louise Fenelon Gaskin, Comhalta Boird
- An Clr David Trost, Comhalta Boird
- Lisa Campbell, Comhalta Boird
- Debbie Howlett, Comhalta Seachtrach
- Martina Robinson, Comhalta Seachtrach

An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

I gcomhréir le hAlt 45 d'Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna, tacaíonn an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca leis an mBord i dtaca le rialú inmheánach, bainistíocht riosca agus iniúchóireacht. Cuirtear na comhaltaí den choiste i láthair thíos.

- Paul McEvoy, Comhalta Seachtrach
- Alan Richardson, Comhalta Seachtrach
- Ailish Byrne, Comhalta Seachtrach
- An Clr Aoife Flynn Kennedy, Comhalta Boird
- An Clr David Trost, Comhalta Boird
- Maria Barry, Comhalta Boird

Foilseofar aon nuashonruithe ar bhallraíocht Bhord nó Choistí BOOCDM ar ár suíomh gréasáin; féach ar an leathanach Comhdhéanamh Bhoird agus Choistí, le do thoil, chun teacht ar an liosta ballraíochta is deireanaí.

Aguisín 3

Ár Scoileanna agus Ár nIonaid Bhreisoideachais agus Oiliúna

Léarscáil BOOCDM de Scoileanna agus Ionaid Bhreisoideachais agus Oiliúna

Tá léarscáil idirghníomhach de Chill Dara agus Cill Mhantáin ar fáil ar ár suíomh gréasáin, ina bhfuil liosta de shuíomhanna agus seirbhísí BOOCDM, sonraí teagmhála san áireamh.



Aguisíní

Aguisín 4

Giorrúcháin

Baineann KWETB (BOOCDCM) úsáid as a lán giorrúchán agus acrainmneacha, idir chinn ó oidhreacht agus chinn atá uathúil do KWETB. Coinnimid an liosta seo beo ar ár suíomh gréasáin. Má thagann tú ar aon ghiorrúcháin choitianta nó acrainmneacha coitianta atá ar lár ón liosta seo, tá fáilte romhat é seo a chur in iúl dúinn ag admin@kwetb.ie ionas go mbeimid in ann é seo a réiteach. Is féidir leat teacht ar an liosta iomlán acrainmneacha atá foilsithe againn ar ár suíomh gréasáin ag www.kwetb.ie.

Aguisín 5

Foinsí agus Cáipéisí Reachtaíochta

Tagairt don Reachtaíocht:

- Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna, 2013
- An tAcht Breisoideachais agus Oiliúna, 2013
- An tAcht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint), 2012
- An tAcht Oideachais, 1998
- An tAcht Oideachais (Leas), 2000
- An tAcht um Obair don Aos Óg, 2001
- An tAcht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu, 2004
- Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015
- An tAcht um Stádas Comhionann, 2000 & 2004
- Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003
- Acht Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014

Aguisíní

Aguisín 5

Foinsí agus Cáipéisí Reachtaíochta

Is iad seo na cáipéisí rialtais dá dtagraítear sa téacs:

- Ráiteas Straitéise, an Roinn Oideachais, 2023-2025
- Ráiteas Straitéise, an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, 2023-2025
- Straitéis um Breisoideachas agus Oiliúint, SOLAS, 2025-2029
- Nósanna Imeachta agus Treoirlínte maidir le Cosaint Leanaí, an Roinn Oideachais
- Straitéis um Ghníomhú ar son na hAeráide san Earnáil Phoiblí, 2023-2025
- Scileanna Glasa, 2030
- Deiseanna don Óige: Straitéis Náisiúnta d'Obair Óige agus Seirbhísí Gaolmhara, 2024-2028
- Tithíocht do Chách
- An Straitéis um Litearthacht Aosach ar feadh an tSaoil
- An Creat um Athchóiriú na Sraithe Sóisearaí
- An Straitéis Dhigiteach do Scoileanna
- Comhionannas Deiseanna a Sholáthar i Scoileanna (DEIS)
- An Plean Gníomhaithe um Míchumas, 2024-2026
- An Straitéis Oideachais do Romaigh agus Taistealaithe, 2024-2030
- An Straitéis um Cheannaireacht agus Bainistíocht i Scoileanna
- An Plean Gníomhaíochta do Phoist
- Bealaí chun Oibre
- Pátrúnacht ar Scoileanna Náisiúnta Pobail (ó 2016)
- Beartas rialtais maidir le Pátrúnacht ar Bhunscoileanna
- Tionscadal 2040, an Plean Forbartha Náisiúnta, 2021-2030
- Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach Thionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre
- An Straitéis Náisiúnta Scileanna, 2025
- Creat Straitéiseach an AE um Oideachas agus Oiliúint (ET2020)

Nótaí



BORD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA
CHILL DARA AGUS CHILL MHANTÁIN

KILDARE AND WICKLOW
EDUCATION AND TRAINING BOARD

Oifig Chill Dara

Oifigí Riaracháin BOOCDCM
Teach Chestnut
Páirc na Mílaoise
An Nás
Contae Chill Dara

Teil: 045 988 000

Facs: 045 879 916

R-phost: admin@kwetb.ie .ie

Oifig Chill Mhantáin

Oifigí Riaracháin BOOCDCM
Sráid an Teampaill
Baile Chill Mhantáin
Contae Chill Mhantáin

Teil: 0404 60 500

Facs: 0404 62 556

R-phost: admin@kwetb.ie .ie

www.kwetb.ie